NUACHTLITIR

Nollaig 2011

Gur Eile

le Aodh Ó Domhnaill

Aisteoirí Bulfin

The New Theatre,
Baile Átha Cliath

7 – 10 Nollaig

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
www.drama-gaeilge.com eolas@drama-gaeilge.com

Le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge

Lucht Éigse Drámaíochta ó Chúil Aodha, Chorca Dhuibhne, Chonamara agus Bhaile an Sceilg. Thugadar taispeántais – drámaí, agallaimh, lúibíní, ceapóga agus filíocht – ag Éigse an Fhómhair i Luimneach an mhí seo caite.

Tomás Mac Lochlainn agus a bhean Máire Ní Dhuibhir a bhí i láthair ag Éigse an Fhómhair i Luimneach. Bhí Máire, atá ina cumadóir ceoil aitheanta, ina Bainisteoir ar an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta tráth.

Foireann an dráma *Magadh fé Mhagadh* le Myles na gCopaleen a léirigh Aisteoirí Bhréanainn in amharclann an "Lab" sa Daingean le déanaí.

Clúdach:
Máire Ní Mhaoileoin agus Colm Ó Bric sa dráma *Magadh fé Mhagadh* le hAisteoirí Bhréanainn.

Aisteoirí Chúil Aodha a léirigh an scéaldráma *Fear na mBataí Croise* le Conchubhair Ó Deasmhumhna ag Éigse an Fhómhair.

Ceatharlach

Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach, a bhí i láthair ag cruinniú le stiúrthóir an Chomhlachais, Seán Ó Morónaigh, in Amharclann George Bernard Shaw ar an mbaile sin an mhí seo caite.
Ar chúl ó chlé: Seán Mac Diarmada, Róisín Nic Ghearra, Conchobhar Ó Laoghaire, Mairéad Uí Mhadoc, Gearóid Ó Tuama, Cathal Ó Catháin agus Con Ó Cróinín.
Chun tosaigh ó chlé: Muiris Ó Síocháin, Treasa Uí Néill, Mairéad Ní Chionnaith, Mairéad Ní Chonghaile agus Móna Ní Liatháin.

Aisteoirí an Lóchrainn

Dráma: Tá an dráma *Bidín* le Pádraig Standún roghnaithe ag Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach le léiriú ag féilte agus ag ocáidí eile sa bhliain nua.
Féile: Beidh féile drámaíochta á heagrú ag Aisteoirí an Lóchrainn san amharclann álainn nua atá i gCeatharlach – Amharclann George Bernard Shaw – ar an 9, 10 agus 11 Márta 2012. Is í Róisín Nic Ghearra atá ina Bainisteoir ar an amharclann nua agus is cinnte go gcuirfidh sí fáilte is fiche roimh na cumainn drámaíochta éagsúla.

Cuid de na Drámaí don Séasúr Nua

Taibhsí na nGael, dráma fada nua-scríofa le Proinsias Ó Cuilinn á léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh.

Bidín le Pádraig Standún á léiriú ag Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach.

Dúthaigh Sheoigheach, scéaldráma ón mbéaloideas, á léiriú ag Aisteoirí Chorr na Móna.

Drámaí le Conchubhar Ó Deasmhumhna á léiriú ag Aisteoirí Chúil Aodha.

An Teach Mór le Proinsias Ó Cuilinn á léiriú ag Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire.

i gCathair na Mart

Oíche Scéaldrámaíochta
(le scéalta ó Mhuigh Eo)

le hAisteoirí Chorr na Móna

Agallaimh, Lúibíní, Amhrán Saothair

ag **Óstán an Wyatt,**
Cathair na Mart,

Aoine 9 Nollaig ag 9pm.

á eagrú ag an
gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta

Ag cruinniú leis an gCumann Drámaíochta, UCC, i gCorcaigh le déanaí –
ó chlé: Ruth Nic Ginneá, An Cumann Drámaíochta, UCC; Áine Uí Chuill, Rúnaí an Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta; Eoin Ó Muirí, An Cumann Drámaíochta, UCC agus Seán Ó Morónaigh, Stiúrthóir an Chomhlachais.
Léirigh an Cumann Drámaíochta, UCC an dráma *Faosbook-Scéal Grá* le hEoin Ó Murchadha le déanaí agus tá dráma eile á bheartú acu.

Le chéile! Na foirne drámaíochta a bhí páirteach san Fhéile Scéaldrámaíochta sna Dúnaibh, Tír Chonaill ag deireadh mhí na Samhna.

Ag an bhFéile Scéaldrámaíochta ag Na Dúnaibh.
ó chlé: Micheál Ó Tuairisg, Corr na Móna, Conamara; Séamus Mac Conmidhe, Carn Tóchair, Co. Dhoire; Máire Nic Cathmhaoil agus Máire Uí Dhochartaigh, Árainn Mhór agus Proinsias Ó Cuilinn, Na Dúnaibh.

Aisteoirí Charn Tóchair a léirigh *An Fear a Bhuail Bob ar an Bhás* – scéaldráma ó bhéaloideas Thír Eoghain (ón scéalaí Eoin Ó Cianáin).
Sa ghrianghraf tá – Ciara de Barra, léiritheoir; Máirín Ní Ghastúin, Helena Nic Giolla Eoin, Tomás Ó Caiside, Diarmuid de Brún, Seán Mac Giolla Fhiondáin, Séamus Mac Conmidhe agus Marian Mhic Cionnaith.

◂ Cuid den choiste stiúrtha ag Aisteoirí Ollscoil na hÉireann, Gaillimh atá ag réiteach le haghaidh léiriú sa bhliain amach romhainn.
ó chlé: Máire Ní Mhaoláin, Órfhlaith Breathnach, Caoimhín Ó Súilleabháin, Reachtaire agus Zara Ní Choistealbha.